**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Chultúr agus um Oideachas*
*An Cathaoirleach*

18.7.2023

An tUasal Johan Van Overtveldt
An Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar thuarascáil eatramhach BUDG maidir le 'Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027'(COM(2023)0337 – C9-XXXX – 2023/0201**R**(APP)

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta thuasluaite, iarradh ar an gCoiste um Chultúr agus um Oideachas tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 28 Meitheamh 2023, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach. Ghlac sé an tuairim ag an gcruinniú a bhí aige an 18 Iúil[1].

Mise le meas,

Sabine Verheyen

[1] Bhí na daoine seo a leanas i láthair ag an vótáil chríochnaitheach: Sabine Verheyen (Cathaoirleach agus rapóirtéir don tuairim), Michaela Šojdrová (Leas-Chathaoirleach), Kizilyürek Niyazi, Dzhambazki Angel, Rooken Rob, Tarabella Marc, Ademov Asim, Adinolfi Isabella, Frankowski Tomasz, Pollák Peter, Zagorakis Theodoros, Zver Milan, Cicurel Ilana, Farreng Laurence, Joveva Irena, García Del Blanco Ibán, Guillaume Sylvie, Heide Hannes, Kammerevert Petra, Matic Predrag Fred, Ros Sempere Marcos, Smeriglio Massimiliano, Michels Martina, Franz Romeo, Marquardt Erik, Nienass Niklas, Anderson Chistine, Bocskor Andrea.

A Uasail Van Overtveldt, a chara,

Táim ag scríobh chugat i ndáil le tuarascáil eatramhach Choiste BUDG maidir leis an athbhreithniú spriocdhírithe ar CAI atá beartaithe, arna dréachtú de bhun Riail 105(5) de na Rialacha Nós Imeachta, mar chuid den obair ullmhúcháin le haghaidh nós imeachta an toilithe maidir leis an *Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027*) - 2023/0337.

Mar gheall ar na srianta diana ama a fhorchuirtear ar na Coistí eile, ní rabhthas in ann tuairim fhoirmiúil CULT a dhréachtú. Ina ionad sin, ag an gcruinniú a bhí acu an 28 Meitheamh, roghnaigh Comhordaitheoirí CULT tuairim a eisiúint i bhfoirm litreach ina leagtar amach seasamh ginearálta an Choiste ar an ábhar i dtrácht, go háirithe maidir le hIonstraim Speisialta nua a chruthú chun déileáil le tionchar na gcostas méadaitheach iasachtaíochta a bhaineann le EURI ar bhuiséad AE agus ar a cheannteideal 2b.

Rinne an Coiste um Chultúr agus um Oideachas breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 18 Iúil 2023. Ag an gcruinniú sin, chinn sé a iarraidh ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin.

1. á chur i bhfáth gur chuir mórimeachtaí domhanda gan choinne ó glacadh Rialachán CAI 2021-2027 in 2020, go háirithe paindéim COVID-19 agus cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, brú suntasach ar bhuiséad AE mar gheall ar chaiteachas teagmhasach breise atá nasctha le bearta freagartha a glacadh ar leibhéal AE, chomh maith le rátaí úis agus boilsciú atá ag ardú, rud a fhágann go bhfuil buiséad AE mí-oiriúnach don chuspóir faoi láthair;

2. á chur in iúl gur cúis mhór imní di, mar thoradh air sin agus ar an gcinneadh mí-ámharach na costais chistiúcháin NextGenerationEU atá go bunúsach dothuartha agus neamhroghnach a chur san áireamh i gCeannteideal 2b, gur léir cheana féin nach leor corrlach an Cheannteidil seo chun fíor-riachtanais chaiteachais a chumhdach sna blianta atá le teacht, agus corrlach diúltach féideartha EUR 1.708,2 milliún ann cheana féin in 2024 i gcás nach leasaítear Rialachán CAI ina fhoirm reatha; á thabhairt chun suntais go gcuireann sé sin deireadh go héifeachtach le haon solúbthacht maidir le himchlúdaigh bhuiséadacha na gclár rathúil atá ann cheana i gCeannteideal 2b a bhreisiú i gcás ina bhfuil bonn cirt le caiteachas breise, amhail Erasmus+, Eoraip na Cruthaitheachta, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus an clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna, agus go gcoisctear de facto aon tionscnamh nua agus treoirthionscadail luachmhara agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin lena ndéantar cineálacha nuálacha cur chuige a thástáil i réimsí nach ann do reachtaíocht AE go fóill iontu;

3. á chur i bhfios go bhfuil tús áite tugtha i bpáirt cheana féin do bhuiséad chláir Erasmus+ agus Eoraip na Cruthaitheachta i mblianta tosaigh an CAI reatha, chun tacú leo siúd atá ag teitheadh ó fhogha míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus chun aghaidh a thabhairt ar an staid dheacair in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta tar éis ghéarchéim COVID-19, a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar na cláir sin ag deireadh an CAI reatha;

4. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé beartaithe sásra solúbthachta sonrach a chruthú i bhfoirm 'Ionstraim EURI', ar ionstraim speisialta théamach í, lena ngabhann costas iomlán measta de EUR 18,9 billiún, de bhreis ar uasteorainneacha CAI, go dtí deireadh CAI, chun costais chistiúcháin NextGenerationEU atá os cionn na luachanna tairsí sonracha a leagtar síos i Rialachán CAI leasaithe a chumhdach, agus chun na críche sin amháin;

5. á chur i bhfios go láidir go rannchuidíonn cruthú Ionstraim EURI le cosaint an chaiteachais ar chláir shuaitheanta uile an Aontais i gCeannteideal 2b amhail Erasmus+ agus gníomhaíochtaí tosaíochta i réimsí an chomhair chultúrtha, na soghluaisteachta oideachais, na malartuithe ógra agus na hoibre deonaí, rannpháirtíocht na saoránach agus na forbartha daonlathais;

6. á iarraidh go ndéanfar athbhreithniú níos forleithne ar CAI chun a áirithiú nach mbeidh tionchar ag tionscnaimh nua faoi Cheannteideal 2b, amhail Bauhaus Nua Eorpach (NEB), ar chistiú clár eile atá tearcmhaoinithe cheana féin; á chur i bhfios go láidir gur cheart tacú le NEB freisin le cláir ábhartha eile chun tionchar breise a ghiniúint; sa chomhthéacs sin, ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún an Rialachán maidir le Fís Eorpach a leasú le linn athbhreithniú meántéarma CAI chun misean NEB a chruthú a chisteofar le EUR 500 milliún; ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún togra a thíolacadh chun clár nua neamhspleách AE a dhéanamh de NEB faoin gcéad CAI eile le hacmhainní úra agus líne bhuiséid thiomnaithe;

7. ag tathant ar an gComhairle an t-athbhreithniú ar CAI a ghlacadh gan mhoill, lena n-áirítear cruthú Ionstraim EURI mar a mhol an Coimisiún Eorpach; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur réiteach inbhuanaithe í Ionstraim EURI ar na dúshláin bhuiséadacha a eascraíonn as costas maoinithe EURI a áireamh i gCeannteideal 2b agus faoi uasteorainn an CAI reatha, d'ainneoin éilimh na Parlaiminte arís agus arís eile go ndéanfaí caiteachas chun a costas a chumhdach de bhreis ar an uasteorainn a áireamh; á thabhairt dá haire go ndéanfaí Ionstraim EURI a shlógadh i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 agus faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, agus lánurraim á tabhairt do shainchumais an údaráis bhuiséadaigh.

Tá dóchas agus muinín againn go gcuirfidh Coiste BUDG na gnéithe sin san áireamh ina thuarascáil eatramhach agus go gcuirfidh sé san áireamh iad sa phlé a dhéanfaidh sé amach anseo leis an gComhairle agus leis an gCoimisiún maidir leis an athbhreithniú atá beartaithe, chomh maith leis an nós imeachta buiséadach bliantúil do 2024.

Go raibh maith agat roimh ré as do bhreithniú, agus guímid gach rath ort don iarracht ríthábhachtach seo.

Mise le meas,

Sabine Verheyen